

**Cur i láthair Cruthaitheach sna Luathbhlianta Coimisiún Theanga na Gaeilge 2023**  
**Comhoibriú idir Éire Ildánach Átha Cliath Theas, Oifig Ealaíon Átha Cliath Theas, Áras**  
**Chrónáin, agus Naíonra Chrónáin**

Réamhrá

Is mian leis an gclár Éire Ildánach Átha Cliath Theas ‘Cur i láthair cruthaitheach i dteanga na Gaeilge sna Luathbhlianta’ a choimisiúnú. Beidh an coimisiún curtha i gcrích i gcomhoibriú le páistí ó Naíonra Chrónáin atá suite ar thalamh Áras Chrónáin.

Is ósais de theanga na Gaeilge faoi leith é Áras Chrónáin, Ionad Cultúir ina mbaineann óg agus aosta tairbhe as cultúr bríomhar na tíre; an Ghaeilge, Amhránaíocht agus Rince. Tá Áras Chrónáin, Ionad Cultúir suite i dteach Seoirsiach ar 2.9acra i gcroílár sráidbhaile Chluain Dolcáin. Tá áit speisialta ag an nGaeilge agus ag Cultúr na hÉireann i ngréasán chultúr Átha Cliath Theas agus feidhmíonn Áras Chrónáin mar chroílár cultúrtha i Sráidbhaile Chluain Dolcáin don Ghaeilge labhartha, agus gach gné de Chultúr na hÉireann. Le tuilleadh eolais a fháil téigh go [www.araschronain.ie](http://www.araschronain.ie)

Fanann Naíonra Chrónáin, atá suite ar thalamh Áras Chrónáin, suas chun dáta maidir le taighde sna Luathbhlianta, ag cinntiú go bhfuil ardchaighdeán d’Oideachas agus Cúram in Oideachas sna Luathbhlianta curtha ar fail dá bpáiste. Tá béim ar leith curtha ar an súgradh faoin aer agus chuige sin bíonn deiseanna curtha ar fáil do na páistí foghlaim agus forbairt a dhéanamh trí imeachtaí súgartha.

Cad atá uainn?

Táimid ag lorg daoine ar leith, comhchoistí, eagraíochtaí nó comhlachtaí chun saothar nua ealaíne, atá uailmhianach, spreagúil agus ina mbíonn teanga na Gaeilge mar chroílár, a fhorbairt le haghaidh lucht na luathbhlianta.

Tá an coimisiún oscailte d’fhoirm ealaíne ar bith.

Seo iad ionchais an choimisiúin:

1. Go mbeidh páistí sna luathbhlianta (2.5-5 bl.) gníomhach sa phróiseas cruthaitheach

agus go mbeidh a nguth chun tosaigh sa phróiseas.

2. Go mbeidh comhoibriú láidir le hoidí ó Naíonra Chrónáin chun saothar ealaíne a chruthú ina mbeidh mar mhúnla d'áiseanna eile in earnáil na luathbhlianta, ag tógáil spás atá ar fáil sa Naíonra san áireamh.
3. Pléifear fad an choimisiúin leis an té tofa ach is dócha go mairfidh sé bliain amháin.

### **Cuspóirí**

- Próiseas a fhorbairt chun tacú le páistí tionscadal a chruthú
- Múnla a chruthú a chuideoidh le hoidí agus le cleachtóirí a n-oibríonn in Earnáil na n-Ealaíon sna luathbhlianta agus le teanga na Gaeilge
- Saothar atá treoraithe ag rannpháirtithe a chruthú
- Tacaíocht a chruthú in Ealaín sna luathbhlianta agus sa Ghaeilge

Tagann ár gcuspóirí ó luachanna de chuid an Clár Éire Ildánach Átha Cliath Theas:

- Machnamh agus fiosriú
- Roinnt Oscailte
- Rannpháirtíocht an phobail
- Inbhuanaitheacht

Seisiún Eolais do Ealaíontóirí:

Beidh seisiún eolais in Áras Chrónáin ar an 16 Nollaig (dáta le socrú, má tá Brian ar fail).

Beidh bainisteoir d'Áras Chrónáin, Brian Ó Gáibhín agus Oifigeach Ealaíon Átha Cliath Theas, Meabh Butler i láthair.

Amlíne

- Osclaíonn iarratais ar an Luan, 21 Samhain 2022
- Seisiún Eolais in Áras Chrónáin, 16 Nollaig 2022 (le socrú)
- Ceisteanna deireanacha go Meabh Butler, 10 Eanáir 2023 – [mbutler@sdublincoco.ie](mailto:mbutler@sdublincoco.ie)
- Spriocdháta d'iarratais, Aoine 20 Eanáir 2023 ag 5.00i.n.

- Déanfar measúnú an tseachtain den 23 Eanáir 2023
- Fógra ar an té tofa, an chéad seachtain i mí Feabhra 2023

Méid an Choimisiúin:

Tá luach €30,000 (CBL san áireamh) ar an gcoimisiún

Beidh spás tugtha don té tofa, in Áras Chrónáin, le haghaidh fad an choimisiúin.

Beidh clár faisnéise den choimisiún léirithe ag Áras Chrónáin

Beidh an coimisiún á bhainistiú ag an té tofa agus iad ag comhoibriú agus i dteagmháil le hOifigeach Ealaíon Átha Cliath Theas agus Bainisteoir Áras Chrónáin. Beidh an té tofa freagrach as soláthair den togra, measúnú riosca, árachas, srl a bhaineann leis an gcoimisiún.

Próiseas Roghnúcháin

Déanfar athbhreithniú ar na hiarratais ag painéal neamhspleách de chuid Oifigeach Ealaíon CCAT, Bainisteoir Áras Chrónáin, Stiúrthóir Naíonra Chrónáin, Tuismitheoir páiste ó Naíonra Chrónáin agus saineolaí ealaíne sna luathbhlianta. Seans go mbeidh gá le múinteoirí breise ón Naíonra chomh maith le tuismitheoirí breise, le athbhreithniú a dhéanamh ar na hiarratais.

Critéir Roghnúcháin

1. Uaillmhian, scála, nuálaíocht ar an scóip agus forbairt ar phlean an togra.
2. Plean próisis a léiríonn go mbeidh na páistí gníomhach leis an obair a chruthú.
3. Féidearthacht an togra
4. Tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an togra ar Earnáil na n-ealaíon sna Luathbhlianta
5. Caighdeán de thionscadal uaillmhianach a bhí déanta roimhe seo.

Próiseas Iarratais

Ríomhaighneacht amháin ag <https://sdcc.submit.com>

Iarrfar ort na doiciméid seo a leanas a uaslódáil:

- Curriculum Vitae don phríomhealaíonteoir agus comhoibrí (más gá)
- Tairiscint mar fhreagra ar ionchais agus cuspóirí an choimisiúin (uasmhéid, 1,500 focal)
- Trí shampla de thionscadal ealaíne ábhartha le tacú leis an tairiscint. Beidh cóip amháin d'eolas breise dóthanach do gach iarratas. Cineál comhaid a bhfuil fáil orthu: .doc, .docx, .pdf, .gif, .jpg, .jpeg, .png, .svg, .tif, .tiff, .aac, .aiff, .flac, .m4a, .mp3, .ogg, .wav, .wma, .3gp, .avi, .flv, .m4v, .mkv, .mov, .mp4, .mpg, .webm, .wmv, .ppt, .xls, .xlsx, .zip. Caithfear teideal soiléir a chur ar gach doiciméid d'obair atá roghnaithe.
- Nascanna d'íomhá ghluaisteach/físeán/taifeadadh fuaime (uasmhéid iomlán d'fhíseán/fhuaim ná 10 nóiméad ar fad).
- Briseadh síos ar an mbuiséad, achoimre ar ioncam ábhartha eile san áireamh.
- Achoimre ar an amlíne.

Cáilitheacht

Ta an coimisiún oscailte d'ealaíontóirí proifisiúnta ar leith agus eagrais a n-oibríonn in earnáil na n-ealaíon sna luathbhlianta agus leis an nGaeilge.

Beidh iarrthóirí dliteanach do rótharraingt airgeadais ar bith a bhaineann leis an togra. Ní ghlacfaidh Comhairle Contae Átha Cliath Theas nó Éire Ildánach freagracht de rótharraingt ar bith.

Forchoimeádann an painéal roghnúcháin an ceart gan coimisiún a bhronnadh ar iarratais nach sásaíonn critéir an choimisiúin ina iomláine. Níl aon dul thar chinneadh an phainéil.

Ní chinnteoidh cáilitheacht agus comhlíontacht ar na treoirlínte agus coinníollacha seo agus fáil ar an gcoimisiún.

Glactar leis go bhfuil na treoirlínte agus coinníollacha seo intuigthe nuair a chuirtear iarratas isteach chuig Choimisiún Theanga na Gaeilge sna Luathbhlianta.

Forchoimeádann Comhairle Contae Átha Cliath Theas an ceart bronnadh den mhaoiniú seo a fhógairt. Tá seans ann go n-iarrfar ar iarrthóirí ráthúla a bheith ar fáil le haghaidh ábhar bolscaireachta.

Coinneofar iarratais agus eolas ar feadh tréimhse 12 mhí, ar a mhéad.

#### Saoráil Faisnéise

Baineann an tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997-2003 le Comhairle Contae Átha Cliath Theas. Má tá eolas ar bith atá tugtha iontaofa nó soghortaithe agus nár cheart a bheith nochtaithe go poiblí, tá dualgas ar iarrthóirí é sin a fhógairt. Tá dualgas ar iarrthóirí míniú a thabhairt ar an bhfáth go gceapann siad go bhfuil an t-eolas seo iontaofa nó soghortaithe.

Coinneofar gach iarratas ar feadh tréimhse 12 mhí mar thaifead ar an bpróiseas roghnúcháin agus le trédhearcacht ar an bpróiseas sin a chinntiú.